

BIM Ireland's Seafood Development Agency

# Pacáiste eolais d'iarrthóirí

**Bainisteoir Forbartha Oideachais agus Foghlama (PC)**

**An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:**
**22 Iúil 2024**



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

### Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

### Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

### Ár Luachanna


Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



| Cuntas ar an Ról | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Bainisteoir Forbartha Oideachais agus Foghlama |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara<br>(Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin) |
| Struchtúr Tuairiscithe: | An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Corparáide |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Tá sé mar aidhm ag BIM tarraingteacht agus inmharthanacht gairmeacha san earnáil a fheabhsú, trí chonairí aitheanta creidiúnaithe a chruthú le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus dul chun cinn gairme, agus is ionad illáithreáin é a chuireann oiliúint ar fáil do réimse leathan cliant ar fud na hÉireann, trí réimse éagsúil suíomhanna agus clár.<br><br>Tá athrú mór ag teacht ar na scileanna atá ag teastáil le bheith ag obair in earnáil bia mara na hÉireann agus ceann de na róil atá ag BIM tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil chun uas-oiliúint a dhéanamh orthu siúd a oibríonn i dtionscal bia mara na hÉireann nó atá ag iarraidh obair ann. Áirítear leis sin iascairí, oibritheoirí dobharshaothraithe, próiseálaithe bia mara, miondíoltóirí agus gnólachtaí seirbhísí bia. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá Straitéis Scileanna uaillmhianacha curtha ar fáil ag BIM: *An Chéad Tonn Eile – Straitéis Scileanna BIM le haghaidh Earnáil Bia Mara Inbhuanaithe, 2023-2028.*<br><br>Is é cuspóir BIM gairm bheatha a chur ar fáil d'iontrálaithe reatha agus nua san earnáil bia mara a aithnítear go forleathan agus atá tarraingteach, agus conair ghairme éagsúil agus thairbheach a thairiscint, le tacaíocht ó fhoireann nua-aimseartha, shábháilte agus ghairmiúil a bhfuil na scileanna cuí acu. Cé go n-aithnítear go bhfuil an-tábhacht le scileanna traidisiúnta agus go bhfuil siad i gcroílár na hoiliúna a chuireann BIM ar fáil, tá scileanna nua ag teastáil freisin a léiríonn teicneolaíocht, rialacháin agus éilimh an mhargaidh nua.<br><br>Tá dhá choláiste oiliúna BIM, is iad sin an coláiste sa Chaisleán Nua agus an ceann i mBaile Chaisleáin Bhéarra, mar aon leis an mBainisteoir Forbartha Oideachais agus Foghlama agus a bhfoirne faoi seach, mar chuid d'fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha. Oibríonn siad go dlúth leis an bhfoireann bheag seachadta de thriúr maidir leis an Straitéis Scileanna a thuairiscíonn go díreach don POF. Bunaíodh an fhoireann sin chun díriú ar chur i bhfeidhm na Straitéise Scileanna maidir leis an gCéad Tonn Eile agus oibríonn sí go dlúth le foireann na Seirbhísí Corparáideacha.<br><br>Tá Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag BIM chun cláir oiliúna a chur ar fáil chomh maith le dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Ina theannta sin, tá ISO deimhnithe agus faofa ag an Roinn Iompair (Oifig na Suirbhéireachta Muirí) chun oiliúint agus oideachas muirí a chur ar fáil. |



## Achoimre ar an Ról

Beidh an Bainisteoir Forbartha Oideachais agus Foghlama i gceannas ar fhorbairt theicniúil na gcúrsaí oideachais a chuireann an dá choláiste ar fáil agus ar fud BIM. Beidh eolas cuimsitheach, speisialaithe, fíorasach agus teoiriciúil ag sealbhóir an phoist ar an gcóras oideachais tríú leibhéal in Éirinn agus beidh sé/sí in ann eolas a úsáid chun fadhbanna a réiteach go cruthaitheach agus breithiúnais a dhéanamh a dteastaíonn anailís agus léirmhíniú uathu.


Oibreoidh sealbhóir an phoist i gcomhar le réimse comhghleacaithe chun cinnteoireacht maidir le tosaíochtaí oideachais a éascú agus chun píosaí oibre a threorú. Cuirfidh an té a cheapfar straitéis i dtoll a chéile chun cúrsaí nua a fhorbairt a chomhlíonann cuspóirí 'An Chéad Tonn Eile', Straitéis Scileanna BIM agus a bheidh ag teacht le ról BIM maidir le cúrsaí nua-aimseartha a chur ar fáil d'earnáil bia mara na hÉireann agus d'earnáil na hiascaireachta go háirithe.

Áireofar leis sin cúrsaí nua a fhorbairt, a bheith nuálach sa chaoi a gcuirtear cúrsaí ar fáil, a bheith airdeallach ar bheartas náisiúnta chomh maith le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus tuiscint a fháil ar na riachtanais agus na srianta a bhaineann leis an earnáil bia mara. Beidh gá le cúrsaí a scrúdú, a fhorbairt agus a sheachadadh, go pearsanta, go hibrideach agus ar líne. Beidh sealbhóir an phoist i gceannas ar chúrsaí a chur le chéile agus oibreoidh sé/sí go dlúth leis na coláistí agus ar fud BIM chun a chinntiú gur féidir na cúrsaí a chur ar fáil mar a beartaíodh.

Rachaidh sealbhóir an phoist i dteagmháil go dlúth le coláistí in BIM agus leis an tionscal agus cinnfidh sé riachtanais oideachais na gcliant agus oibreoidh sé/sí leis an Roinn Iompair (Oifig na Suirbhéireachta Muirí) chun faomhadh a fháil de réir mar is gá.

Déanfaidh sealbhóir an phoist foireann bheag de bheirt a bhainistiú agus feidhmeoidh sé/sí mar cheannasaí ar chomhordú traseagraíochtúil na hoiliúna a chuireann BIM ar fáil. Cuirfidh sé/sí maoirseacht agus ceannaireacht ar fáil freisin maidir le creidiúnú.

Is post buan lánaimseartha é seo.



## Freagrachtaí

**Forbairt na gCúrsaí Oideachais**

- A bheith freagrach as ábhar nua cúrsaí oiliúna a fhorbairt mar a leagtar amach i straitéis scileanna BIM, agus obair go dlúth le coláistí BIM, leis an tionscal agus le beirt Phríomhoidí na gcoláistí.
- Forbairt ghairmiúil na scoláirí agus na scoláirí féideartha laistigh den earnáil bia mara a threorú.
- A bheith i gceannas ar chomhordú traseagraíochtúil na hoiliúna a chuireann BIM ar fáil, lena n-áirítear cúrsaí a chuireann an dá choláiste, an dá aonad oiliúna cósta agus BIM ar fáil.
- A bheith freagrach as cláir nua a fhorbairt lena n-áirítear scéimeanna printísigh agus cúrsaí micridhintiúr.
- Páirt a ghlacadh i bhFoireann Seachadta na Straitéise Scileanna.
- Tacú le héascú na foghlama lena n-áirítear timpeallacht dhearfach foghlama a chur chun cinn.
- Dul i mbun comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis na coláistí, le hInstitiúidí Ardoideachais eile agus leis an Roinn Iompair (Oifig na Suirbhéireachta Muirí) chun deiseanna comhoibrithe a aithint.
- Straitéisí a bhunú, a mheas agus a fhorbairt tuilleadh chun cothromas rochtana ar oideachas agus deiseanna cuí foghlama agus forbartha a chinntiú.

**Ceannaireacht an Chórais Bhainistíochta Cháilíochta**

- Measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin oideachais agus ar dhearbhú cáilíochta chomh maith le rialachas oideachais BIM a threorú maidir le hoideachas, forbairt ghairmiúil leanúnach agus athnuachan QQI le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe laistigh de BIM.
- Straitéisí a cheapadh chun feabhas a chur ar cháilíocht oideachais agus ar eispéireas an fhoghlaimeora.
- Creidiúnú cáilíochta nua a bhainistiú agus a fhorbairt de réir mar is cuí lena n-áirítear ISO.
- A bheith ina cheannaire ar Chomhairle Acadúil BIM.

**Bainistiú Foirne**

- A bheith ina bhainisteoir agus ina cheannaire ar fhoireann de bheirt a thacaíonn le réimse tionscail oiliúna agus a chuireann ar fáil iad, lena n-áirítear:
- Foireann Dearbhaithe Cáilíochta BIM.
- Foireann Sábháilteachta Bia agus Miondíola.
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann ag teacht go hiomlán le straitéis Chorparáideach agus Scileanna BIM.
- Oibríochtaí ó lá go lá a bhainistiú, plean oibre a sheachadadh agus feidhmíocht a bhainistiú.

**Sonraí / Tuairisciú**

- Tairseach oiliúna BIM, CRM agus sonraí ábhartha eile a úsáid chun réimse sonraí a chruthú agus a thuairisciú chun tacú le clár oibre, tuairisciú príomhtháscairí feidhmíochta agus seachadadh agus forbairt straitéise.
- Tuarascálacha rialta a chur ar fáil don fhoireann inmheánach agus do pháirtithe leasmhara maidir le deiseanna reatha agus deiseanna amach anseo

**Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara**

- Ionadaíocht a dhéanamh ar BIM ag imeachtaí tionscail agus ag imeachtaí páirtithe leasmhara lena n-áirítear fóraim straitéiseacha scileanna muirí.
- Comhoibriú agus cur go gníomhach le cruinnithe agus le grúpaí oibre ar leibhéal náisiúnta, idir inmheánach agus seachtrach, a bhfuil nasc acu le BIM agus le tosaíochtaí náisiúnta, chomh maith le dea-chleachtas agus nuálaíocht a roinnt.



| Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha |
|---|
| • Iarchéim 3ú leibhéal i ndisciplín oideachais ábhartha.<br>• Taithí léirithe ar fhorbairt ábhar nua le haghaidh cúrsaí oiliúna lena n-áirítear cláir nuálacha<br>• Taithí ar fhorbairt clár agus ar fhaomhadh a fháil le haghaidh cláir oideachais nuálacha<br>• Cumas fadhbanna a aithint agus réitigh fhéideartha a cheapadh.<br>• Cumas oibriú go neamhspleách agus i gcomhar le baill foirne eile, agus cur chuige solúbtha agus cuimsitheach a léiriú.<br>• Taithí ar bheith ag obair laistigh de thimpeallacht dearbhaithe cáilíochta agus tuiscint chuimsitheach ar QQI agus ISO.<br>• Tuiscint ar bheartais oideachais náisiúnta agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta san oideachas mar a bhaineann sé leis an earnáil bia mara.<br>• Taithí ar straitéis oideachais nó scileanna a fhorbairt.<br>• Scileanna láidre scríbhneoireachta agus cumarsáide.<br>• Sárscileanna cumarsáide, cur i láthair agus idirphearsanta agus an cumas caidreamh láidir a chothú agus a choinneáil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. |

| Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe - desirable |
|---|
| • Saincháilíocht oideachais.<br>• Taithí bhainistithe daoine. |



## Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost:

**Ceannaireacht:**

- Smaoiníonn sé/sí go fadtéarmach ar a chuid/cuid oibre féin agus déanann sé/sí machnamh níos faide ná obair ó lá go lá.
- Glacann sé/sí le cur chuige sofhreagrúil maidir le hathrú.
- Múnlaíonn sé/sí cleachtais oibre den scoth agus cuireann sé/sí oideachas ar dhaoine eile trí chóitseáil, meantóireacht agus aiseolas.
- Socraíonn sé/sí treo agus spriocanna soiléire.

**Torthaí Dírithe:**

- Glacann sé/sí go dáiríre le freagrachtaí agus spriocanna a leagan síos agus baineann sé/sí amach na hionchais agus na spriocanna sin.

**Sofhreagrúlacht & Inoiriúnaitheacht:**

- Tá sé/sí cruthaitheach agus nuálach.
- Tá sé/sí toilteanach agus in ann dul in oiriúint do thascanna agus do staid atá ag athrú.
- Úsáideann sé/sí breithiúnas chun dul in oiriúint do riachtanais shonracha agus athraitheacha na heagraíochta.
- Treoraíonn sé/sí daoine eile trí sholúbthacht agus sofhreagrúlacht a léiriú san ionad oibre.

**Saineolas agus Eolas Teicniúil:**

- Coinníonn sé/sí é/í féin agus an fhoireann ar an eolas faoin dul chun cinn is déanaí ina réimse gairmiúil.
- Tacaíonn sé/sí le forbairt saineolais theicniúil agus ghairmiúil laistigh den fhoireann agus cuireann sé/sí i bhfeidhm é.

**Teagmhálaithe:**

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Beirt Phríomhoidí na gcoláistí, Foireann Shinsearach Ceannaireachta agus eagraíocht níos leithne BIM, Foireann Straitéise Scileanna, Coiste Oiliúna agus Forbartha BIM, Comhairle Acadúil BIM. |
| Lasmuigh de BIM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Roinn Iompair (Oifig na Suirbhéireachta Muirí), comhpháirtithe tionscadail, cliaint bhia mara, tionscal bia mara (náisiúnta agus idirnáisiúnta), earnáil ardoideachais tríú leibhéal, comhairleoirí gairme, páirtithe leasmhara sábháilteachta mara. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal:

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí do PC, le réimse tuarastail €78,303 - €97,583 (amhail an 1 Meitheamh 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t- iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t- iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil:

Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

| jobs@bim.ie |
|---|

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

| 22nd IÚIL 2024 |
|---|

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Is Grád  Príomhoifigigh Chúnta é seo agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

### Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

---

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

Investors in Diversity
SILVER